CINNEADH (AE) 2023/328 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 22 Samhain 2022

maidir le dúnadh na gcuntas don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA,

— ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a mhéid a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí maidir le gníomhaireachtaí an AE don bhliain airgeadais 2020, agus d'fhreagraí na gníomhaireachtaí ([1]),

— ag féachaint don ráiteas urrúis ([2]) maidir le hiontaofacht na gcuntas agus dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart arna soláthar ag an gCúirt Iniúchóirí don bhliain airgeadais 2020, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 maidir leis an urscaoileadh atá le deonú don Ghníomhaireacht i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020 (06003/2022 – C9-0101/2022),

— ag féachaint do chinneadh uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([3]) lena ndéantar an cinneadh i dtaobh urscaoileadh don bhliain airgeadais 2020 a chur ar atráth, agus freisin do na freagraí ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta,

— ag féachaint do chinneadh uaithi an 18 Deireadh Fómhair 2022 ([4]) lena ndiúltaítear urscaoileadh a dheonú do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([5]), agus go háirithe Airteagal 70 de,

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 ([6]), agus go háirithe Airteagal 116 de,

— ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais do na comhlachtaí arna mbunú faoin CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), agus go háirithe d'Airteagal 105 de,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag formheas dúnadh chuntais na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2020;

([1]) IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.
([2]) IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.
([3]) IO L 258, 5.10.2022, lch. 406.
([4]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0362.
([5]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([6]) IO L 295, 14.11.2019, lch. 1.
([7]) IO L 122, 10.5.2019, lch. 1.

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

An tUachtarán
Roberta METSOLA

An tArdrúnaí
Klaus WELLE